Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**11948/22**

**CSDP/PSDC 518**
**CFSP/PESC 1092**
**BIH 11**
**PSC DEC 34**
**COWEB 79**
**EUMC 271**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1010 (BiH/33/2022) |

**CINNEADH (CBES) 2022/...**
**ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an...**

**maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1010**
**(BiH/33/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

[1] IO L 252, 28.7.2004, lch. 10.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh na Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ('Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh').

(2) An 8 Deireadh Fómhair 2018, chinn an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i bprionsabal, gur cheart Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip a cheapadh mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh amhail ón 29 Márta 2019, faoi réir ECAT a dhearbhú go mbeadh sé ar fáil.

(3) An 7 Nollaig 2018, dhearbhaigh Comhairle an Atlantaigh Thuaidh go mbeadh Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha ar fáil chun ról Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a ghlacadh faoi na socraíochtaí dá ngairtear 'Beirlín Plus', amhail ón 29 Márta 2019.

(4) An 2 Iúil 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/1010[1] lena gceaptar an Maor-Ghinearál Brice HOUDET, Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha, mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh amhail ón 18 Iúil 2020.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2020/1010 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 2 Iúil 2020 maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2019/264 (BiH/29/2020) (IO L 224, 13.7.2020, lch. 7).

(5) An 1 Meán Fómhair 2022, chinn ECAT an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU a cheapadh mar Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha, in ionad an Leifteanant-Ghinearál Brice HOUDET amhail ón dáta sin. Ón dáta sin amach, ba cheart go dtiocfadh an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU in ionad an Leifteanant-Ghinearál Brice HOUDET ina cháil mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh.

(6) An 7 Meán Fómhair 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go n-ainmneofaí an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh amhail ón 1 Meán Fómhair 2022.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2020/1010 a aisghairm.

(8) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ag na socraíochtaí dá ngairtear 'Beirlín Plus'agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó páirtithe i 'gComhpháirtíocht na Síochána', agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU, Leas-Phríomhoifigeach Foirne Ard-Ceanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin amhail ón 1 Meán Fómhair 2022.

*Airteagal 2*

Aisghairtear leis seo Cinneadh (CBES) 2020/1010.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2022.

Arna dhéanamh in/sa...,,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*